2024/528

9.2.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/528 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Feabhra 2024

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an liosta de dhoiciméid taistil agus an tábla d'fhógraí dá dtagraítear in Airteagal 5a(1) agus (2) den Rialachán sin a chomhtháthú sa Chóras Faisnéise Víosaí (VIS)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le faisnéis a mhalartú idir Ballstáit i ndáil le víosaí gearrfhanachta, víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe (Rialachán VIS) ([1]), agus go háirithe Airteagal 5a(3) de,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an gCoiste um Theorainneacha Cliste,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 5a(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, an liosta de dhoiciméid taistil a thugann teideal don sealbhóir na teorainneacha seachtracha a thrasnú agus ar doiciméid iad a fhéadfar a fhormhuiniú le víosa, mar a leagtar amach i gCinneadh Uimh. 1105/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) (an 'liosta de dhoiciméid taistil'), in éineacht leis an bhfógra faoi na doiciméid taistil atá liostaithe a bheith aitheanta nó gan a bheith aitheanta (an 'tábla de dhoiciméid taistil'), táthar lena gcomhtháthú i gCóras Faisnéise Víosaí (VIS).

(2) De bhun na forála céanna tá VIS leis an bhfeidhmiúlacht a chur ar fáil chun bainistiú lárnach a dhéanamh ar an tábla d'fhógraí faoi na doiciméid taistil atá liostaithe a bheith aitheanta nó gan a bheith aitheanta de bhun Airteagal 4 de Chinneadh Uimh. 1105/2011/AE.

(3) Ceadú an liosta de dhoiciméid taistil, i gcomhar leis na fógraí faoi na doiciméid taistil atá liostaithe a bheith aitheanta nó gan a bheith aitheanta, is gné éigeantach den nós imeachta um víosaí gearrfhanachta a scrúdú é sin. Le ceadú den sórt sin trí VIS, beifear in ann aitheantas dhoiciméad taistil an iarratasóra a fhíorú go huathoibríoch.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 1(3) de Chinneadh Uimh. 1105/2011/AE, tá na Ballstáit fós inniúil ar dhoiciméid taistil a aithint chun víosa a eisiúint agus chun a cheadú don sealbhóir na teorainneacha seachtracha a thrasnú.

(5) De bhun Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 1105/2011/AE, tá an Coimisiún le bheith freagrach fós as an liosta de dhoiciméid taistil a thabhairt cothrom le dáta. Tá na Ballstáit le bheith freagrach fós as fógra a thabhairt faoin seasamh atá acu maidir le haitheantas a thabhairt do na doiciméid sin nó gan é a thabhairt. Dá bhrí sin, is gá é a chur ar a gcumas do na Ballstáit fógra a thabhairt faoin seasamh nua atá acu maidir leis an stádas aitheantais atá ag doiciméid taistil roghnaithe agus an seasamh sin a thabhairt cothrom le dáta go díreach, sin agus eagar a chur ar an tábla d'fhógraí faoi na doiciméid taistil atá liostaithe a bheith aitheanta nó gan a bheith aitheanta, mar a comhtháthaíodh in VIS, ar tábla é ba cheart a bheith ar fáil do na Ballstáit trí fhoilseachán leictreonach a thugtar cothrom le dáta go tráthrialta dá réir sin.

(6) Chun an Coimisiún a thabhairt cothrom le dáta maidir le haon fhógra ó na Ballstáit faoin tábla de dhoiciméid taistil, ba cheart do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) an tábla de dhoiciméid taistil a asbhaint ó VIS agus é a chur ar fáil don Choimisiún i bhformáid leictreonach.

([1]) IO L 218, 13.8.2008, lch. 60.

([2]) Cinneadh Uimh. 1105/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir leis an liosta de dhoiciméid taistil a thugann teideal don sealbhóir na teorainneacha seachtracha a thrasnú agus ar doiciméid iad a fhéadfar a fhormhuiniú le víosa, agus maidir le sásra a chur ar bun chun an liosta sin a bhunú (IO L 287, 4.11.2011, lch. 9).

(7) Tríd an liosta de dhoiciméid taistil agus na fógraí faoi na doiciméid taistil atá liostaithe a bheith aitheanta nó gan a bheith aitheanta a chomhtháthú in VIS, áiritheofar, tar éis na comhaid iarratais a uathphróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 9a de Rialachán (CE) Uimh 767/2008, go mbeidh toradh ann go huathoibríoch in VIS maidir le stádas aitheantais an doiciméid taistil, rud a fhágann go n-éascófar an scrúdú a dhéanfaí ar iarratas [agus an cinneadh a dhéanfar ina leith]. Cuirfear feabhas ar an nós imeachta víosa mar seachnófar an cás go n-eiseodh Ballstát víosa aonfhoirmeach gearrfhanachta le haghaidh doiciméad taistil nach bhfuil aitheanta agus go mbeadh castacht ann do thaistealaí atá ag teacht isteach i mBallstát eile nach n-aithníonn an doiciméad taistil i gceist dá réir sin.

(8) Éascófar an obair sna consalachtaí nó sna húdaráis lárnacha agus sna húdaráis teorann mar léireofar go huathoibríoch é ar an leibhéal lárnach má tá doiciméad taistil roghnaithe aitheanta, neamhaitheanta nó má tá feidhm ag coinníollacha a bhaineann leis an aitheantas, tar éis comhaid iarratais a uathphróiseáil trí VIS.

(9) Chun an scrúdú a dhéanfadh údaráis rialaithe teorann agus an fhoireann chonsalachta a éascú, ba cheart do eu-LISA agus don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta nasc a bhunú idir an tábla d'fhógraí faoi na doiciméid taistil atá liostaithe a bheith aitheanta nó gan a bheith aitheanta, mar a comhtháthaíodh in VIS, agus an córas nua do Dhoiciméid Bhréagacha agus Doiciméid Bharántúla ar Líne (FADO) arna bhunú le Rialachán (AE) 2020/493 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), nuair a bheidh sé i bhfeidhm agus nuair a bheidh íomhánna agus faisnéis eile faoi dhoiciméid bhréagacha agus doiciméid bharántúla ann. Níor cheart sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil i gcóras FADO.

(10) Ós rud é go gcuireann Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) le *acquis* Schengen, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le Seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, thug an Danmhairg fógra faoi chur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/1134 ina dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá an Cinneadh seo ina cheangal ar an Danmhairg.

(11) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu ([5]). Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(12) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* ([6]) Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ([7]).

([3]) Rialachán (AE) 2020/493 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Márta 2020 maidir leis an gcóras do Dhoiciméid Bhréagacha agus Doiciméid Bharántúla ar Líne (FADO) agus lena n-aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/700/CGB ón gComhairle (IO L 107, 6.4.2020, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críche an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú (IO L 248, 13.7.2021, lch. 11).

([5]) Ní thagann an Cinneadh seo faoi raon feidhme na mbeart dá bhforáiltear i gCinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

([6]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

([7]) Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

(13) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* ([8]) Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ([9]).

(14) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* ([10]) Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ([11]).

(15) Is é atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003 agus Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005 faoi seach.

(16) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]) agus thug sé tuairim uaidh an 9 Márta 2022.

(17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Theorainneacha Cliste,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An tábla de dhoiciméid taistil a bhainistiú

1. Déanfaidh eu-LISA an liosta de dhoiciméid taistil a chomhtháthú in VIS, doiciméid a thugann teideal don sealbhóir na teorainneacha seachtracha a thrasnú agus ar doiciméid iad a fhéadfar a fhormhuiniú le víosa, mar a leagtar amach i gCinneadh Uimh. 1105/2011/AE ('liosta de dhoiciméid taistil'), in éineacht leis an bhfógra faoi na doiciméid taistil atá liostaithe a bheith aitheanta nó gan a bheith aitheanta ('tábla de dhoiciméid taistil').

2. Maidir leis na doiciméid a liostaítear sa tábla de dhoiciméid taistil atá comhtháite in VIS, mar a thagraítear dóibh i mír 1, áiritheoidh eu-LISA go gcomhfhreagróidh siad don liosta de dhoiciméid taistil a leagtar amach i gCinneadh Uimh. 1105/2011/AE.

3. Áiritheoidh eu-LISA go ndéanfar bainistiú lárnach ar an tábla de dhoiciméid taistil.

4. Déanfaidh na Ballstáit a seasamh nua maidir leis an stádas aitheantais i ndáil le doiciméad taistil roghnaithe a thabhairt cothrom le dáta gan mhoill tríd an tábla de dhoiciméid taistil a chur in eagar go díreach in VIS.

([8]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

([9]) Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, ar son an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

([10]) IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

([11]) Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích, thar cheann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus maidir le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

([12]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

5. Gach coicís asbhainfidh eu-LISA an tábla de na doiciméid taistil ó VIS agus cuirfidh sé ar fáil don Choimisiún é i bhformáid leictreonach.

6. An fhaisnéis atá sa tábla de dhoiciméid taistil, mar a comhtháthaíodh in VIS, cuirfear ar fáil í do na Ballstáit agus don phobal i bhfoilseachán leictreonach a thugtar cothrom le dáta go tráthrialta.

Airteagal 2

Nasc leis an gcóras do Dhoiciméid Bhréagacha agus Doiciméid Bharántúla ar Líne

Bunóidh eu-LISA agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta nasc idir an tábla de dhoiciméid taistil, mar a comhtháthaíodh in VIS, agus an córas do Dhoiciméid Bhréagacha agus Doiciméid Bharántúla ar Líne (FADO), nuair a bheidh sé i bhfeidhm i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/493, a mhéid a bhaineann le híomhánna agus faisnéis eile faoi dhoiciméid bhréagacha agus doiciméid bharántúla.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón dáta a chuirfear tús le hoibríochtaí VIS mar a leagtar amach in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/1134.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN